Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7420/19**

**RECH 165**
**COMPET 244**
**FIN 231**
**IND 83**
**MI 250**
**EDUC 153**
**TELECOM 122**
**ENER 162**
**ENV 283**
**REGIO 60**
**AGRI 132**
**TRANS 190**
**SAN 148**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Márta 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6140/2/19 REV 2 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 28 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *The majority of simplification measures brought into Horizon 2020 have made life easier for beneficiaries, but opportunities to improve still exist* [A bhuí le formhór na mbeart simpliúcháin a tugadh isteach i bhFís 2020, is fusa atá an saol ag tairbhithe, ach tá deiseanna ann go fóill tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh]<br>*- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 12. Márta 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 28 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *The majority of simplification measures brought into Horizon 2020 have made life easier for beneficiaries, but opportunities to improve still exist* [A bhuí le formhór na mbeart simpliúcháin a tugadh isteach i bhFís 2020, is fusa atá an saol ag tairbhithe, ach tá deiseanna ann go fóill tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh], a ghlac an Chomhairle ag an 3678ú cruinniú a bhí aici, ar an 12 Márta 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁIL SPEISIALTA UIMH. 28 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA *THE MAJORITY OF SIMPLIFICATION MEASURES BROUGHT INTO HORIZON 2020 HAVE MADE LIFE EASIER FOR BENEFICIARIES, BUT OPPORTUNITIES TO IMPROVE STILL EXIST* [A BHUÍ LE FORMHÓR NA mBEART SIMPLIÚCHÁIN A TUGADH ISTEACH I bhFÍS 2020, IS FUSA ATÁ AN SAOL AG TAIRBHITHE, ACH TÁ DEISEANNA ANN GO FÓILL TUILLEADH FEABHSÚCHÁIN A DHÉANAMH]**

Fógraíonn an CHOMHAIRLE:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 28 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The majority of simplification measures brought into Horizon 2020 have made life easier for beneficiaries, but opportunities to improve still exist* [A bhuí le formhór na mbeart simpliúcháin a tugadh isteach i bhFís 2020, is fusa atá an saol ag tairbhithe, ach tá deiseanna ann go fóill tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá siad i bhfianaise na mblianta atá fágtha i bhFís 2020, go háirithe i bhfianaise an Chláir Réime nua um Thaighde agus um Nuálaíocht atá beartaithe don tréimhse 2021-2027, "Fís Eorpach"[1];

3. AITHNÍONN SÍ, agus an luach a bhaineann le rialacha soiléire seasmhacha i dtaobh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht Eorpach á aithint aici, go ndearna na bearta simpliúcháin a tugadh isteach an t-ualach riaracháin a laghdú ar na tairbhithe agus gur éirigh le formhór na ngníomhaíochtaí, bunú Ionaid Tacaíochta Chomhchoitinne (CSC) agus bainistiú leictreonach deontais go mór mór;

4. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chláir réime roimhe seo, Fís 2020 ina measc, feabhas a chur ar na sásraí le tuilleadh simpliúcháin a dhéanamh ar na rialacha sna cláir réime amach anseo: próiseas meastóireachta dhá chéim, ailíniú rialachán airgeadais idir cláir éagsúla chistiúcháin de chuid an Aontais, cumarsáid chuíchóirithe a bheith ann le hiarratasóirí agus ról na bpointí teagmhála náisiúnta á neartú ag an am céanna, am laghdaithe chun deontais a thabhairt, roghanna costais amhail cnapshuimeanna, agus costais phearsanta, agus dianscrúdú a dhéanamh ar cháilíocht na n-iniúchóireachtaí ex-post seachfhoinsithe;

1 9865/18 + ADD 1-6 agus 9870/18 ADD 1-5 + ADD 6 COR1

5. CUIREANN SÍ I dTREIS, a bhuí le próiseas cumarsáide atá níos fearr ar an iomlán ina gcuimseofar treoir níos fearr agus aiseolas díreach cuimsitheach d'iarratasóirí agus do thairbhithe, lena n-áirítear tuarascálacha achomhair ar ardcháilíocht, le linn an phróisis iarratais, meastóireachta agus comhaontú deontais ina iomláine, go bhféadfaí feabhas a chur ar cháilíocht na dtograí, ar an obair leantach a eascraíonn as próiseas cinnteoireachta na mBallstát agus go mbeadh tionscadail á gcur chun feidhme ar shlí níos éifeachtúla ag tairbhithe; IS DÍOL SÁSAIMH DI, dá bhrí sin, an rún atá ag an gCoimisiún go mbeadh cumarsáid níos fearr ann idir iarratasóirí agus tairbhithe, go háirithe trí fheabhas a chur ar an tseirbhís fiosrúcháin taighde, agus uirlisí agus treoir shimplithe a thabhairt isteach, go mór mór i gcás FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, trí ardsheirbhísí comhéadain ar líne den chuid is mó; AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag Pointí Teagmhála Náisiúnta fógra a thabhairt d'iarratasóirí agus eolas a chur orthu agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an treoir mhodheolaíoch agus theicniúil a chuirtear ar fáil do na comhlachtaí comhairleacha sin, i bhfianaise a gcuid fothú acmhainneachta.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin creataí dlíthiúla a chur i gcomhréim níos fearr le rialacha maidir le rannpháirtíocht de chuid cláir chistiúcháin an Aontais le go bhféadfaí sineirgí a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú chun leas na dtairbhithe;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a bhuí leis na rialacha de chuid Fhís 2020 maidir le rannpháirtíocht go bhféadfadh próiseas meastóireachta céim amháin agus dhá céim a bheith ann; AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh an próiseas meastóireachta dhá chéim cabhrú leis na hiarratasóirí gan am a chaitheamh ar shonraí a fhorbairt nuair nach gá sin i gcás tionscadal nach mbeadh rath orthu ar deireadh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú ar iarratasóirí nár éirigh leo; Dá réir sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí úsáid níos leithne a bhaint as meastóireacht dhá chéim ar thograí, i gcás inarb iomchuí, agus faireachán agus measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bheadh an beart sin agus an toradh a bheadh air sin;

8. MEASANN SÍ go bhféadfadh roghanna costais simplithe, e.g. cnapshuimeanna agus duaiseanna dreasachta, na hualaí riaracháin ar thairbhithe a laghdú a thuilleadh agus IS MÓR AICI gur cheart go ngéaródh an Coimisiún ar na roghanna costais simplithe, cnapsuimeanna go háirithe, trí chur leis an bhfianaise, i gcás inarb iomchuí, ó thástáil phíolótach Fhís 2020; Dá réir sin, IARANN SÍ ar an gCoimisiún úsáid na ngnáthchleachtas cuntasaíochta costála le haghaidh costais phearsanra a fhiosrú a thuilleadh;

9. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart leanúint de mheastóireacht ardcháilíochta a dhéanamh ar na tograí a chuirtear isteach faoi chláir réime um thaighde agus um nuálaíocht an Aontais agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur minic nach leor an t-am a thugtar chun na meastóireachtaí sin a dhéanamh; Ar an ábhar sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an t-am a theastódh ó na saineolaithe chun meastóireachtaí iontaofa a dhéanamh ar thograí tionscadail a mheas an athuair;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár athbhreithníodh ráta laethúil luach saothair na meastóirí le breis agus deich mbliana anuas. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an gá atá leis na coinníollacha luacha saothair do shainmheastóirí a mheas a thuilleadh.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur éirigh leis an bhfeachtas faisnéise, faoinar thug an Coimisiún maidir leis an gcoincheap "an Séala Barr Feabhais" a seoladh sa bhliain 2015, feasacht a mhúscailt, cé nach n-aithnítear an séala go forleathan go fóill; AITHNÍONN SÍ na tograí de chuid na Físe Eorpaí ón gCoimisiún darb aidhm an t-aitheantas atá ag an "Séala Barr Feabhais" a mhéadú le go bhféadfar tograí den scoth, a dhéantar a mheas gur os cionn na tairsí atá siad cé nach bhfaightear cistiú faoin gClár Réime, a chur chun cinn; agus Conclúidí na Nollag 2017 ón gComhairle Á dTABHAIRT CHUN CUIMHNE aici[2], go háirithe mír 8 agus mír 23, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh bealaí a phlé chun gur fusa do na tionscadail sin ar ar bronnadh an Séala Barr Feabhais foinsí cistiúcháin a rochtain;

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI sna tograí de chuid na Físe Eorpaí ón gCoimisiún go bhfuil pleananna ann castacht an chéad chláir réime eile a laghdú, go háirithe forálacha maidir le sineirgí agus comhlántachtaí le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, ionad ilfhreastail nuálaíochta tríd an an gComhairle Nuálaíochta Eorpach, cur chuige nua chun an Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht a réasúnú, feabhsuithe ar an bpróiseas meastóireachta trí aiseolas níos fearr a chur ar fáil d'iarratasóirí ag gach céim den phróiseas agus rún ann an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú a thuilleadh a bhuí le córas rialúcháin lena n-áirithítear cothromaíocht iomchuí idir iontaoibh agus rialú.

---

[2] 15320/17, tagraítear i mír 8 agus i mír 23 do "státchabhair".